Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**9099/24**
**ADD 1**

**UK 60**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Aibreán 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 169 final |
| Ábhar: | Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le soghluaisteacht na hóige |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 169 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 169 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.4.2024
COM(2024) 169 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le soghluaisteacht na hóige**

## IARSCRÍBHINN

## TREORACHA LE hAGHAIDH COMHAONTÚ A CHAIBIDLIÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN MAIDIR LE SOGHLUAISEACHT NA hÓIGE

### I. COMHTHÉACS GINEARÁLTA

1. An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), tá feidhm sealadach aige ón 1 Eanáir 2021[1]. Taobh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar')[2], is bunchloch é don chaidreamh déthaobhach idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

2. Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, foráiltear do chomhordú na slándála sóisialta lena dtacaítear le soghluaisteacht daoine faoi dhlí náisiúnta ceachtar Páirtí, ach ní thugann sé aghaidh ar shoghluaisteacht *per se*, i.e. an fhéidearthacht go mbeidh náisiúnach de Pháirtí amháin ina chónaí nó ag fanacht ar chríoch an Pháirtí eile. Sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá rialacha maidir le teacht isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun críoch gnó, ach ní thugtar aghaidh ach ar chásanna a bhfuil duine/daoine i láthair go sealadach le haghaidh cuspóir sonrach (e.g. soláthar seirbhísí).

3. Ina ionad sin, is le rialacha baile (maidir le hinimirce) an Aontais (agus na mBallstát) agus le rialacha baile (maidir le hinimirce) na Ríochta Aontaithe faoi seach a rialaítear soghluaisteacht daoine idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. De thoradh air sin, tá laghdú tagtha ar soghluaisteacht idir shaoránaigh an Aontais agus saoránaigh na Ríochta Aontaithe, agus tá sé sin tar éis tionchar a imirt go háirithe ar na deiseanna a bhíonn ag na saoránaigh sin an saol i gcríoch a chéile a bhlaiseadh agus tairbhe a bhaint as malartuithe ógra, cultúrtha, oideachais, taighde agus oiliúna.

4. I gcaitheamh 2023, chuaigh an Ríocht Aontaithe i dteagmháil le roinnt Ballstát (ach ní iad uile) agus é ar intinn aici caibidlíocht a dhéanamh faoi shocruithe déthaobhacha maidir le soghluaisteacht na hóige, socruithe a mbunófaí ar scéim víosa na Ríochta Aontaithe um shoghluaisteacht na hóige. Is é an toradh a bheadh air sin go gcaithfear ar bhealach difriúil le náisiúnaigh an Aontais ar mian leo dul go dtí an Ríocht Aontaithe. Sa bhreis air sin, ní thabharfar aghaidh, leis an gcur chuige sin, ar na príomhbhacainní ar shoghluaisteacht a mbíonn ar dhaoine óga dul i ngleic leo.

### II. CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME AN COMHAONTÚ ATÁ BEARTAITHE

5. Sna treoirlínte ón gComhairle Eorpach an 23 Márta 2018 (agus a deimhníodh sna conclúidí uaithi an 13 Nollaig 2019), léirigh an Chomhairle (Airteagal 50) aidhm an Aontais lena n-áirítear '[ ] forálacha uaillmhianacha i ndáil le gluaiseacht daoine nádúrtha, bunaithe ar chómhalartacht iomlán agus neamh-idirdhealú idir na Ballstáit [ ]' a bheith sa comhpháirtíocht a bheidh ann amach anseo leis an Ríocht Aontaithe. An 25 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhpháirtíocht nua le Ríocht Aontaithe. I réimse na

[1] (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10).
[2] (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

soghluaisteachta, agus ag dul níos faide ná an taisteal gan víosa le haghaidh cuairteanna gearrthéarmacha agus comhordú na slándála sóisialta, léirigh na Treoracha atá i gceangal leis an gCinneadh sin, i gcomhréir le Dearbhú Polaitiúil 2019 lena leagtar amach an creat don chaidreamh a bheidh ann amach anseo idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, gur cheart é a bheith d'aidhm ag an gcomhpháirtíocht a bhí beartaithe féachaint le coinníollacha maidir le teacht isteach agus fanacht daoine nádúrtha chun críocha amhail taighde, staidéar, oiliúint agus malartuithe ógra a leagan amach.

6. Is é is aidhm don chaibidlíocht teacht ar chomhaontú cothrom idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i réimse shoghluaisteachta na hóige gan gá aon chuspóir ar leith a bhaineann leis an tréimhse fanachta a eisiamh, agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh raon feidhme níos leithne a bheith ag an gcomhaontú ná an méid dá bhforáiltear sa Chinneadh ón gComhairle in 2020.

7. Le 'soghluaisteacht' de réir bhrí an chomhaontú atá beartaithe, tugtar le tuiscint áit chónaithe dhuine nádúrtha, i.e. fanacht neamhshealadach. Mar sin, ní dhíríonn an comhaontú atá beartaithe ar chúrsaí maidir le taisteal a éascú, amhail ionadaigh ar phasanna nó lánaí sonracha ag teorainneacha agus ní dhíríonn sé ach oiread ar sheirbhísí a chur ar fáil go sealadach trí duine nádúrtha a bheith i láthair i gcríoch an Pháirtí eile. Tugtar aghaidh ar an dara cás sin i dTeideal II (seirbhísí agus infheistíocht) de Chuid a Dó (Trádáil, Iompar, Iascach agus Socruithe Eile) den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus ní dhéantar difear dó leis an gcomhaontú atá beartaithe.

8. Ba cheart an comhaontú atá beartaithe a bheith ina chomhaontú forlíontach ar an gComhaontú Trádála agus Comhair de réir bhrí Airteagal 2 den Chomhaontú sin, rud a chuirfidh dá réir le forbairt ar an gcaidreamh déthaobhach foriomlán idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

## III. ÁBHAR AN CHOMHAONTAITHE ATÁ BEARTAITHE

### PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

9. Ba cheart an comhaontú atá beartaithe cothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí a áirithiú. Ní mór neamhspleáchas cinnteoireachta agus dhlíchóras an Aontais a áirithiú leis, chomh maith le cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú agus ní mór é a bheith ag teacht le bunphrionsabail an Aontais. Ba cheart é a bheith bunaithe ar neamh-idirdhealú idir saoránaigh an Aontais agus ar chómhalartacht.

10. Leis an gcomhaontú atá beartaithe, ba cheart go léireofaí stádas na Ríochta Aontaithe mar thríú tír neamh-Schengen, agus mar thír nach Ballstát den Aontas í, stádas lena bhfágtar nach bhfuil sí faoi réir na n- oibleagáidí céanna a bhíonn ar bhallstát, agus nach féidir na cearta céanna a bheith aici agus nach féidir léi leas a bhaint as na tairbhí céanna. Go sonrach, níor cheart, leis an gcomhaontú atá beartaithe, go bhfágfar go ndéanfaí tairbhí na bunshaoirse gluaiseachta atá ag saoránaigh an Aontais a bhronnadh ar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe. Ná níor cheart ach an oiread leis go bhfágfar go ndéanfaí na tairbhí céanna a bhronnadh ar náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe is atá ag tairbhithe na coda den Chomhaontú um Tharraingt Siar a bhaineann le cearta saoránach.

### SOCRUITHE SOGHLUAISTEACHTA NA hÓIGE SA CHOMHAONTÚ ATÁ BEARTAITHE

***CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME***

11. Ba cheart leis an gcomhaontú atá beartaithe go ndéanfaí foráil do shoghluaisteacht do shaoránaigh óga an Aontais ag dul chun na Ríochta Aontaithe, agus do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe chun Ballstát an Aontais.

12. Ba cheart an raon feidhme pearsanta a bheith teoranta do shaoránaigh óga den Aontas agus náisiúnaigh óga den Ríocht Aontaithe, (e.g.18 mbliana-30 bliain d'aois ag tús na tréimhse fanachta).

***TRÉIMHSE FANACHTA***

***13.*** Ba cheart an tréimhse fanachta a bheith teoranta do thréimhse ama réasúnta (e.g. 4 bliana).

***GNÍOMHAÍOCHTAÍ CEADAITHE***

14. Níor cheart feidhmiú na soghluaisteachta faoin gcomhaontú atá beartaithe a bheith ceangailte de chuspóir, i.e. ba cheart go n-áireofar sna gníomhaíochtaí atá ceadaithe faoin gcomhaontú atá beartaithe: obair, staidéar, oiliúint/intéirneachtaí (i gcomhthéacs chlár oideachais an Pháirtí eile san áireamh), taighde, obair dheonach, gníomhaíochtaí eile nó díreach cuairt a thabhairt/taisteal fad na tréimhse fanachta.

15. Níor cheart go n-áirítear sna gníomhaíochtaí sin, áfach, na cinn a thagann faoi raon feidhme Theideal II (seirbhísí agus infheistíocht) de Chuid a Dó (Trádáil, Iompar, Iascach agus Socruithe Eile) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

16. Níor cheart feidhmiú na soghluaisteachta faoin gcomhaontú atá beartaithe a bheith faoi réir cuóta.

***COINNÍOLLACHA MAIDIR LE LIGEAN ISTEACH AGUS FORAIS DON DIÚLTÚ***

17. Ba cheart go leagfar amach na coinníollacha ar fad maidir le ligean isteach sa chomhaontú atá beartaithe. Ba cheart iad a bheith bunaithe ar choinníollacha coiteanna i ndáil le ligean isteach, e.g. ba cheart go n-áireofaí leo doiciméad taistil bailí, árachas breoiteachta cuimsitheach agus bailí, agus cruthúnas ar chóir leordhóthanach mhaireachtála (cé acu an bhfuil an t-iarratasóir ag obair nó nach bhfuil á chur san áireamh).

18. Ba cheart don tairbhí na coinníollacha sin a chomhlíonadh ar feadh na tréimhse fanachta.

19. Níor cheart feidhm a bheith ag 'scéim urraithe' na Ríochta Aontaithe ná ag scéimeanna comhchosúla.

20. Ba cheart go n-aireofar leis an gcomhaontú atá beartaithe forais ábhartha maidir le hiarratais a dhiúltú, amhail bagairt don bheartas poiblí, don slándáil phoiblí nó don tsláinte phoiblí.

***LIGEAN ISTEACH, LENA N-ÁIRÍTEAR RAON FEIDHME MAIDIR LE LIGEAN ISTEACH***

21. Ba cheart an comhaontú atá beartaithe na rialacha maidir le ligean isteach a leagan amach, i.e. comhlíontacht na coinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú atá beartaithe a fhíorú, trí fhíorú *ex-ante* sula ndéantar an soghluaisteacht a chleachtadh.

22. Níor cheart soghluaisteacht chuig an Aontas a fheidhmiú ach amháin sa Bhallstát inar ligeadh isteach an náisiúnach den Ríocht Aontaithe, i.e. níor cheart soghluaisteacht 'laistigh den Aontas' go dtí Ballstát eile a cheadú le ligean isteach i mBallstát amháin.

23. Níor cheart táillí chun iarratais a phróiseáil ná chun víosa nó cead cónaithe a eisiúint a bheith díréireach ná iomarcach.

***CÓIR CHOMHIONANN***

24. Ba cheart caitheamh le tairbhithe an chomhaontaithe atá beartaithe ar bhealach atá comhionann leis an mbealach a chaitear le náisiúnaigh, ar a laghad i leith coinníollacha oibre, lena n-áirítear íocaíocht agus foirceannadh fostaíochta, mar aon le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, saoirse comhlachais, oideachas agus gairmoiliúint áirithe, sochair chánach, a mhéid gur cónaitheoir chun críoch cánach é/í an duine, agus seirbhísí comhairle a chuireann oifigí fostaíochta ar fáil. Níor cheart go gcumhdódh sé deontais agus iasachtaí staidéir agus cothabhála, nó deontais agus iasachtaí eile.

25. Ba cheart go bhforáiltear leis an gcomhaontú atá beartaithe do chóir chomhionann i ndáil le táillí teagaisc ardoideachais agus táillí teagaisc oiliúna.

26. Ba cheart an comhaontú atá beartaithe 'formhuirear cúraim sláinte' na Ríochta Aontaithe a tharscoileadh i gcás tairbhithe an Aontais.

***BAILL TEAGHLAIGH***

27. Ba cheart a chinneadh leis an gcomhaontú atá beartaithe na coinníollacha maidir le feidhmiú an chirt chun athaontú teaghlaigh leis an urraitheoir (tairbhí na scéime) agus ba cheart dó na baill teaghlaigh atá incháilithe le haghaidh athaontú den sórt sin a shainiú.

**IDIRPHLÉ LE GNÉITHE EILE DE DHLÍ AN AONTAIS NÓ NA mBALLSTÁT**

28. Ba cheart an comhaontú atá beartaithe a bheith gan dochar do rialacha na Ríochta Aontaithe, rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta a chuireann bealaí dleathacha imirce ar fáil, i.e. ba cheart dó bealach imirce breise a chur ar fáil in éineacht le bealaí atá ann cheana féin i gceachtar Páirtí, i gcás ina mbíonn siad ar fáil.

29. Ba cheart an comhaontú atá beartaithe a bheith gan dochar do rialacha an Aontais agus na mBallstát maidir le stádas mar chónaitheoir bhuain/chónaitheoir fadtéarmach a fháil.

30. Ba cheart an comhaontú atá beartaithe a bheith gan dochar do

- na rialacha maidir le comhordú na slándála sóisialta a leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair;
- na rialacha maidir le cánachas dúbailte;
- na rialacha maidir le seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine a thrasnaíonn teorainneacha na bPáirtithe, lena n-áirítear taisteal a éascú ag ceachtar Páirtí;
- rialacha lena gceanglaítear ar náisiúnach de chuid an Pháirtí eile clárú laistigh d'achar ama ar leith ar theacht isteach dó/di.

**GNÉITHE EILE**

31. Ba cheart go mbeidh feidhm ag cóir chomhionann i ndáil le táillí teagaisc don ardoideachas agus táillí teagaisc don oiliúint agus é neamhspleách ar an gconair víosa.

32. Ba cheart foráil a dhéanamh leis an gcomhaontú atá beartaithe nach bhféadfar teacht isteach i gcríoch Pháirtí a dhiúltú do dhaoine a bhfuil cónaí orthu go dleathach i gcríoch an Pháirtí sin.

33. Ba cheart an comhaontú atá beartaithe a bheith gan dochar do shocruithe an Chomhlimistéir Taistil (CTA) mar a bhfuil feidhm acu idir an Ríocht Aontaithe agus Éire, dá dtagraítear in Airteagal 38(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar agus in Airteagal 3 de Chreat Windsor.

**FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA**

34. Ba cheart an comhaontú atá beartaithe a bheith ina chomhaontú forlíontach ar an gComhaontú Trádála agus Comhair, mar a fhoráiltear in Airteagal 2 den chomhaontú sin. Dá réir sin, ba cheart é a bheith ina chuid den chreat institiúideach aonair agus aonfhoirmeach céanna leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, a bhfuil rialacha maidir le réiteach díospóide ar chuid dhílis de.

35. Ba cheart coiste speisialaithe nua a chruthú laistigh den chreat sin chun chur chun feidhme an chomhaontaithe atá beartaithe.

## IV. RAON FEIDHME CRÍOCHACH

36. Mar chomhaontú forlíontach, ba cheart an raon feidhme críochach céanna a bheith ag an gcomhaontú atá beartaithe agus atá ag an gComhaontú Trádála agus Comhair.

## V. TEANGACHA BARÁNTÚLA

37. Ba cheart comhúdarás a bheith ag an gcomhpháirtíocht atá beartaithe i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, agus ba cheart clásal teanga a bheith sa chomhpháirtíocht chun na críche sin.

## VI. SOCRUITHE NÓS IMEACHTA MAIDIR LE SEOLADH NA CAIBIDLÍOCHTA

38. Ba cheart don Choimisiún an chaibidlíocht a sheoladh ar bhonn comhordú leanúnach agus idirphlé buan leis an gComhairle agus lena comhlachtaí ullmhúcháin. I ndáil leis sin, ba cheart don Chomhairle agus do Coreper, agus [ainm an choiste speisialta] ag tabhairt cúnaimh dóibh, treoraíocht a sholáthar don Choimisiún.

39. Ba cheart don Choimisiún, go tráthúil, dul i gcomhairle le comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle agus tuairisciú dóibh. Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis uile is gá agus na doiciméid uile is gá a bhaineann leis an gcaibidlíocht a sholáthar go tráthúil.

40. Coimeádfaidh an Coimisiún, go tráthúil, Parlaimint na hEorpa go hiomlán ar an eolas i dtaobh na caibidlíochta.